



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

## **FISIC AGUS CEIMIC – GNÁTHLEIBHÉAL**

**Dé Luain, 21 Meitheamh – Maidin, 9:30 go 12:30**

---

Sé cheist a fhreagairt.

Freagair **trí** cheist ar bith as **Roinn I** agus **trí** cheist ar bith as **Roinn II**.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Maidir le gach roinn, áfach, dálfeair marc amháin sa bhreis i gcás gach aon cheann den chéad dá cheist ar gnóthaíodh na marcanna ab airde iontu.

---

## ROINN I – FISIC (200 marc)

1. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagraí gearr.*


- (a) Is é an mhais atá i gcás taistil ná 5 kg.  
Cén meáchan atá sa chás nuair a chuirtear ar chrúca de mheátán niútain é, mar a thaispeántar i bhFíor 1?  
[luasghéarú de bharr na domhantarraingthe,  $g = 9.8 \text{ m s}^{-2}$ ]



Fíor 1

- (b) Cad é an t-aonad *oibre*?  
(c) Reonn uisce ag  $0^\circ\text{C}$ . Cén teocht é seo ar scála Kelvin?

- (d) Tabhair sampla **amháin** d'airí teirmiméadrach.  
(e) I bhFíor 2 taispeántar ga solais ag gabháil trí phriosma gloine. Ainmnigh an feiniméan a tharlaíonn ag X.



Fíor 2


- (f) Tabhair úsáid **amháin** a bhaintear as scáthán cuasach.  
(g) Cé acu ceann **amháin** de na cineálacha radaíochtaí seo a leanas a bhfuil an mhiniúchacht is airde aige?

**radathonnta      solas gorm      solas ultraivialait      solas dearg**

- (h) San iarmhaint fhótaileictreach, cad a scaoiltear as dromchla miotail?

- (i) Sa chothromóid do *dhlí Coulomb*,  $F = \frac{1}{4\pi\varepsilon} \frac{q_1 q_2}{d^2}$ , cad dó a seasann  $d$ ?

- (j) I bhFíor 3 taispeántar dhá thoilleoir  $4 \mu\text{F}$  agus iad treocheangailte. Cad é an toilleas éifeachtach atá ag na toilleoirí in éineacht?



Fíor 3

- (k) Fágtaí teilifiseán, a bhfuil rátail 200 W aige, ar siúl go leanúnach ar feadh 4 huaire. Ríomh líon na n-aonad (kW h) a úsáidtear.

- (l) Cén buntáiste a bhaineann le leictreachas a tharchur ag voltais arda?

- (m) Cad a d'úsáidfeá chun láithreacht réimse mhaighnéadaigh a bhrath?

- (n) Tá leathré de 3 lá ag sampla d'iseatóp radaighníomhach. Cén codán den sampla a bheidh fágtha tar éis 9 lá?

- (o) Tabhair difríocht **amháin** idir *eamhnú núicléach* agus *comhleá núicléach*.

$(11 \times 6)$


2. Sainmhínigh (i) *treoluas*, (ii) *luasghéarú*.  
Luaigh prionsabal imchoimeádta an mhóimintim. (24)

Déanann tuairtcharranna an pobal a mhealladh go páirceanna siamsaíochta.

Tosaíonn tuairtcharr ó fos ar dhromchla mín cothrománach agus sroicheann sé treoluas  $2 \text{ m s}^{-1}$  i 4 shoicind.

Ríomh:

- (iii) luasghéarú an tuairtchairr
- (iv) an fad a thaistil an tuairtcharr sna chéad 4 shoicind. (12)



Fíor 4

I bhFíor 4 taispeántar tuairtcharr A de mhais iomlán 250 kg agus é ag gluaiseacht ar dhromchla mín cothrománach ar treoluas  $2 \text{ m s}^{-1}$ . Imbhuaileann tuairtcharr A le tuairtcharr B atá ar fos agus ina bhfuil mais iomlán de 200 kg. Tar éis an imbhualte, gluaiseann tuairtcharr B ar aghaidh ar treoluas  $1.5 \text{ m s}^{-1}$ .

Ríomh:

- (v) móiminteam thuairtcharr A roimh an imbhualadh
- (vi) móiminteam thuairtcharr A tar éis an imbhualte
- (vii) treoluas thuairtcharr A tar éis an imbhualte. (21)

Cad is brí le *fuinneamh cinéiteach*?

Mínigh cén fáth a n-athraíonn an fuinneamh cinéiteach thuairtcharr B le linn an imbhualte. (9)


3. Tarlaíonn athraonadh nuair a ghlaiseann solas as meán amháin go meán eile.

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Luaigh ceann **amháin** de *dhlíthe athraonta an tsolais*. (18)

I bhFíor 5 taispeántar ga solais ionsaitheach ar  $80^\circ$  agus é ag druidim le heasca ina bhfuil ola chócaireachta.

Más í uillinn an athraonta ná  $42^\circ$ , ríomh comhéifeacht athraonta na hola cócaireachta. (9)




Fíor 5

Baineann lionsáí úsáid as athraonadh an tsolais.

Ainmnigh **dhá** fheiste a bhaineann úsáid as lionsáí. (6)

Déan cur síos ar thurgnamh chun fad fócasach lionsa inrémnigh (dronnach) a thomhas. Tabhair slí **amháin** chun cruinneas do thoraidh a fheabhsú. (18)

I bhFíor 6 taispeántar frithne O atá lonnaithe 10 cm ó lionsa inrémneach, a bhfuil fad fócasach 5 cm aige. Cíopeál agus comhlánaigh an léaráid chun cruthú na híomhá leis an lionsa a thaispeáint. Tabhair **dhá** airí atá ag an íomhá a bhreathnaítear. (15)



Fíor 6

4. (a) Luaigh dlí Boyle.

Déan cur síos ar thurgnamh chun dlí Boyle a fhíorú.

(24)

I bhFíor 7, tá  $180 \text{ cm}^3$  d'aer i dteannaire bonn agus brú 100 kPa ann.

Tá an píobán amach as an teannaire blocáilte.

Brúitear síos hanla an teannaire go dtí go laghdaítear toirt an aeir go  $30 \text{ cm}^3$ .

Ríomh brú nua an aeir laistigh den teannaire.

(9)



(b) Úsáidtear an *teoiric chinéiteach* chun iompar na ngás a mhíniú.

Tabhair **dhá** bhonn tuisceana a ghabhann le theoiric chinéiteach na ngás.

(12)

I bhFíor 8 léirítear gás idéalach i mbalún séalaithe.

Cad is brí leis an téarma a bhfuil líne faoi?

(6)

(i) Conas a athraíonn treoluas na gcáithní gáis de réir mar a dhéantar an balún a théamh?

(ii) Cén iarmhaint atá ag na cáithní gáis ar bhallaí an bhalúin de réir mar a dhéantar an balún a théamh?

(iii) Mínigh cén fáth a méadaíonn brú an gháis de réir mar a laghdaítear toirt an bhalúin.

(15)

5. I bhFíor 9 taispeántar lucht deimhneach agus lucht diúltach agus iad fad tairiseach óna chéile.

⊕ ⊖

Cóipeáil an léaráid agus taispeáin an réimse leictreach idir an dá lucht.

Fíor 9

(9)

‘Is sreabhadh de luchtanna leictreacha é sruth.’

Tabhair **dhá** iarmhaint a bhaineann le sruth leictreach.

(12)

Déan cur síos ar conas ceann **amháin** de na hiarmhaintí seo a léiriú.

(12)

I bhFíor 10 taispeántar tóirse is féidir a thochras, ina bhfuil dineamó atá bunaithe ar *phrionsabal an ionduchtaithe leictreamaighnéadaigh*.



Fíor 10

Luaigh ceann **amháin** de dlíthe an ionduchtaithe leictreamaighnéadaigh.

Cé a d'fhionn ionduchtú leictreamaighnéadach?

(12)

De réir mar a chastar an hanla, lastar an bolgán sa tóirse.

Mínigh cén fáth a lastar an bolgán de réir mar a chastar an hanla.

(9)

Cén t-athrú fuinnimh a tharlaíonn i dtóirse intochaiste?

(6)

Ainmnigh feiste **amháin** eile atá bunaithe ar phrionsabal an ionduchtaithe leictreamaighnéadaigh.

(6)

6. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, (a), (b), (c) agus (d). Gabhann 33 marc le gach ceann díobh.

- (a) Úsáidtear na téarmaí seo a leanas nuair a luaitear *dhlí Newton na himtharraingthe uilíche*:

<b>fad</b>	<b>cearnóg</b>	<b>iolrach</b>
------------	----------------	----------------

Agus na téarmaí seo á n-úsáid agat, cóipeáil agus comhlánaigh an ráiteas seo a leanas de dhlí Newton na himtharraingthe uilíche:

“Bíonn an fórsa idir dhá mhais i gcomhréir dhíreach le .....  
na maiseanna agus i gcomhréir inbhéartach le .....  
an ..... eatarthu.” (9)


Déan cur síos ar thurgnamh chun an luasghéarú de bharr domhantarraingthe, g, a thomhas.

Tabhair réamhchúram **amháin** chun toradh beacht a chinntiú. (24)

- (b) I bhFíor 11 taispeántar tonnbhráid de sholas monacrómatach agus í ag druidim le bearna chaol.

Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

Ainmnigh foinse de sholas monacrómatach. (12)



**Fíor 11**

Cóipeáil an léaráid agus taispeáin conair na tonnbhráid tar éis di gabháil tríd an mbearna.

Ainmnigh an feiniméan a tharlaíonn ag an mbearna. (9)


Is féidir an feiniméan seo a úsáid chun tonnfhad an tsolais mhonacrómataigh a thomhas i dturgnamh.

Tabhair **dhá** thomhas ba ghá a dhéanamh le linn an turgnaimh. (12)

(c) Luaigh  $dlí Ohm$ . (9)

I bhFíor 12 taispeántar friotóirí  $8\ \Omega$  agus  $12\ \Omega$  i straithcheangal le ceallra.

Tugann an t-aimpmhéadar sa chiorcad léamh de  $2.5\ A$ .



Fíor 12

Ríomh:

- (i) an voltas (difríocht poitéinsil) trasna an fhriotóra  $12\ \Omega$
- (ii) friotaíocht éifeachtach an chiorcaid
- (iii) an voltas trasna an cheallra. (18)


Anois cuirtear an t-aimpmhéadar idir an dá fhriotóir.

Cén léamh atá ar an aimpmhéadar sa suíomh nua seo? (6)

(d) ‘Is é atá i radaighníomhaíocht ná díscaoileadh spontáineach núicléis éagobhsaí ina n-astaítear cineál amháin, nó níos mó, de radaíocht núicléach.’

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (9)

I bhFíor 13 taispeántar léas as sampla radaighníomhach agus é ag gabháil idir phéire de phlátaí luchtaithe.



Fíor 13

Ainmnigh gach ceann de na radaíochtaí núicléacha, a bhfuil na lipéid X agus Y orthu. (9)

Tabhair an struchtúr atá ar Y.

Tabhair úsáid amháin a bhaintear as substaintí radaighníomhacha. (15)

## ROINN II – CEIMIC (200 marc)

7. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc.

Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagraí gearr.*

- (a) I bhFíor 14 taispeántar sampla de chloch shalainn ina bhfuil an chomhdhúil clóiríd sóidiam.  
Cén cineál nasctha atá i gcriostal de chlóiríd sóidiam?



**Fíor 14**

- (b) Tabhair airí **amháin** atá ag protón.
- (c) Cé acu cáithnín fo-adamhach atá lonnaithe i *bhfithiseán*?
- (d) Sa chothromóid  $E = hf$ , cad dó a seasann  $f$ ?
- (e) Tabhair cúis **amháin** a bhfuil luach mór leictridhiúltachta ag an dúil fluairín.
- (f) Ríomh an céatadán carbóin, de réir maise, in aonocsaíd charbóin (**CO**).  
**[C=12; O=16]**
- (g) Tabhair airí **amháin** atá ag dúil thrasdultach.
- (h) Cad a d'úsáidfeá lena thaispeáint gur próiseas *inteirmeach* é, clóiríd amóniam a thuslagadh in uisce?
- (i) Cóipeáil, comhlánaigh agus cothromaigh an chothromóid seo a leanas:



- (j) Cad é an **pH** atá ag tuaslagán **0.02 M** d'aigéad hidreaclórach (**HCl**)?

- (k) Liostaigh na miotail seo a leanas in ord *méadaitheach* gníomhaíochta:

**luaidhe                    sóidiam                    airgead**

- (l) Cad is *leictrilít* ann?

- (m) Is é 32 an mhais mhóilíneach choibhneasta atá i ngás ocsaigine (**O<sub>2</sub>**).

Ríomh líon na móilíní i 64 g de ghás ocsaigine.

**[Tairiseach Avogadro =  $6.0 \times 10^{23} \text{ mol}^{-1}$ ]**

- (n) Tabhair sampla de *alcán*.

- (o) Cén ghné struchtúrach a bhíonn i bpáirt ag comhdhúile aramatacha? (11 × 6)

8. Úsáidtear comhdhúil den dúil bórón i ndéantúsaíocht earraí gloine le haghaidh saotharlainne.

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (12)

Sainmhínigh (i) *maisuimhir*, (ii) *mais adamhach choibhneasta*. (12)

Cóipeáil an tábla seo a leanas agus líon isteach na huimhreacha atá in easnamh chun é a chomhlánú:

Adamh	Uimhir adamhach	Maisuimhir	Líon na neodrón
${}^{10}_5 \text{B}$			
${}^{11}_5 \text{B}$			

(18)

Cén t-ainm a thugtar ar thacar d'adaimh mar  ${}^{10}_5 \text{B}$  agus  ${}^{11}_5 \text{B}$ ? (6)

Is é atá i sampla bóróin ná 20%  ${}^{10}_5 \text{B}$  agus 80%  ${}^{11}_5 \text{B}$ .

Ríomh an mhais adamhach choibhneasta atá sa sampla seo de bhórón. (12)

Tabhair an chumraíocht leictreonach (*s, p*) atá ar adamh bóróin. (6)

9. (a) Agus teoirc Brønsted-Lowry á húsáid agat, sainmhínigh (i) aigéad, (ii) bun. (12)

Ní dhíthiomsaíonn aigéid laga mórán i dtuaslagán.

Tabhair sampla **amháin** d'aigéad lag. (6)

Sainaithin aigéad **amháin** agus bun **amháin** san imoibriú seo a leanas:



Tabhair sampla **amháin** de phéire comhchuingeach aigéad-bun san imoibriú thusa. (15)

- (b) Imoibríonn gach ceann de na dúile seo a leanas le gás hidrigine:



Tabhair an t-ainm agus an fhoirmle cheimiceach don táirge a tháirgtear i ngach imoibriú. (12)

As na táirgí seo, sainaithin (i) táirge aigéadach, (ii) táirge bunata. (9)

Do cheann **amháin** de na táirgí seo:


- (iii) luaigh a chruth móilíneach,
- (iv) déan sceitse dá chruth agus taispeáin suíomh na n-adamh. (12)

10. Rinne mac léinn toirtmheascadh chun tuaslagán de hidrocsáid sóidiam (**NaOH**) a chaighdeánú.

Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (12)

I bhFíor 15 taispeántar roinnt trealaímh a bhí in úsáid ag an mac léinn.

- (i) Ainmnigh na hearraí gloine lipéadaithe **A** agus **B**. (12)
- (ii) Cén aidhm atá le **C**? (6)
- (iii) Déan cur síos ar conas a ullmhaítar agus a úsáidtear an t-earra gloine **B** chun cuid  $20\text{ cm}^3$  de thuaslagán hidrocsáid sóidiam a thabhairt. (9)
- (iv) Ainmnigh táascaire oiriúnach don toirtmheascadh seo. (6)
- (v) Tabhair **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir don mhac léinn a ghlacadh agus an toirtmheascadh seo á dhéanamh. (12)



Fíor 15

- (vi) Thaifead an mac léinn gur neodraíodh  $20\text{ cm}^3$  de thuaslagán de hidrocsáid sóidiam (**NaOH**) le  $18.7\text{ cm}^3$  de thuaslagán **1.5 M** d'aigéad hidreaclórach (**HCl**). Is í an chothromóid cheimiceach don toirtmheascadh seo ná:



Ríomh móláracht an tuaslagán de hidrocsáid sóidiam. (9)

11. Is féidir eatánól (**C<sub>2</sub>H<sub>5</sub>OH**) a tháirgeadh ach eiteín (**C<sub>2</sub>H<sub>4</sub>**) a hiodráitiú.

Cad is brí leis an téarma a bhfuil líne faoi? (6)

Déan sceitse den fhoirmle struchtúrach ar (i) eatánól, (ii) eiteín. (12)


Ainmnigh an tsraith homalógach a mbaineann eatánól léi.

Cad is ainm don chéad bhall den tsraith homalógach seo? (9)

Mínigh cén fáth a bhfuil eiteín ina comhdhúil *neamhsháithithe*. (6)

Déan cur síos ar an dreach fisiceach, ag teocht an tseomra, atá (iii) ar eatánól, (iv) ar shóidiam. (12)

Imoibríonn eatánól le sóidiam de réir na cothromóide ceimicí seo a leanas:



Conas a thaispeánfá gurb é an gás a tháirgtear san imoibriú thusa ná hidrigin? (9)

Ríomh:

- (v) cainníocht an fhuinnimh a scaoiltear nuair a imoibríonn mol amháin eatánól le mol amháin sóidiam
- (vi) líon na mol de hidrigin a scaoiltear nuair a imoibríonn 4 mhól eatánól agus 4 mhól sóidiam. (12)

12. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, (a), (b) agus (c).

Gabhann 33 marc le gach ceann díobh.

- (a) Sainmhínigh *mól* de shubstaint.

Dianscaoileann sárocsaíd hidrigine de réir na cothromóide ceimicí seo a leanas:



Conas a dhéanfá an tsárocsaíd hidrigine a dhianscaoileadh níos tapúla? (12)

Déan cur síos ar tháståil chun a dhearbhú gurbh é an gás a táirgeadh ná ocsaigin.

(9)

Má úsáideadh 17 g de shárocsaíd hidrigine san imoibriú seo, ríomh:

(i) líon na mól de shárocsaíd hidrigine a úsáideadh


(ii) mais an uisce a táirgeadh.

(12)

**[H=1; O=16]**

- (b) I bhFíor 16 taispeántar dé-ocsáid sulfair ( $\text{SO}_2$ ) á hullmhú agus á bailiú.

(i) Ainmnigh an solad **A** agus an leacht **B**.



(9)

(ii) Cén aidhm atá leis an leacht **C**?

(6)

(iii) Déan cur síos ar an athrú datha a bhreathnaítear nuair a chuirtear sampla de thuaslagán lítmis le crúsca gáis atá lán de dhé-ocsáid sulfair.

(6)

(iv) Luaigh airí fisiceach **amháin** atá ag dé-ocsáid sulfair. (6)

(v) Tabhair úsáid **amháin** a bhaintear as dé-ocsáid sulfair. (6)

**Fíor 16**

- (c) Tarlaíonn imoibrithe ocsáidiúcháin agus dí-ocsáidiúcháin i gceallra gluaisteáin.

Sainmhínigh, i dtéarmaí traschur leictreon, na focail a bhfuil líne fúthu. (12)

Sainaithin (i) an tsubstaint a ocsáidítear, (ii) an tsubstaint a dhí-ocsáidítear, san imoibriú seo a leanas: (9)



Cuirtear tairne glan iarainn in eascra ina bhfuil tuaslagán de shulfáit chopair.

Déan cur síos ar conas a athraíonn dath an tuaslagán san eascra.

(6)

Cóipeáil agus comhlánaigh an t-imoibriú seo a leanas a tharlaíonn san eascra:



(6)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán